Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**13939/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0406(COD)**

**POLCOM 227**
**COMER 117**
**CODEC 1799**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an Aontas agus a Bhallstáit a chosaint ar chomhéigean eacnamaíoch de dhéanamh tríú tíortha **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 8 Nollaig 2021, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 207(2) CFAE, chuig an gComhairle.

2. An 3 Deireadh Fómhair 2023, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle.[2].

[1] 14943/21 + ADD 1-4.
[2] 13753/23.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe dá bhrí sin an méid seo a leanas a dhéanamh:

– a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 34/23 é, mar aon leis an dearbhú comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún, mar a leagtar amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo é, a fhormheas mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo;

– a chinneadh go ndéanfar an ráiteas comhpháirteach thuasluaite, mar a leagtar amach é in Aguisín 1, agus an ráiteas ón gCoimisiún, mar a leagtar amach é in Aguisín 2 a ghabhann leis an nóta seo, a fhoilsiú i Sraith C de *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

4. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle in Aguisín 1 agus Aguisín 2 a ghabhann leis an nóta seo.

5. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar *in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.